

Conall, cuingidh Cloinne Néill

[Williams, N. J. A.: *The poems of Giolla Brighde Mac Con Midhe* (Irish Texts Society 51, 1980), poem 3]

1 Conall, cuingidh Cloinne Néill,  
mac dob uaisle don airdfhréimh;  
leis do-chuaidh a Midhe a-mach  
gach fine thuaidh ar tosach.

2 Go Teamhraigh Cuinn créad do-rad  
Clanna Néill na naoi mbrághad,  
gidh cúich do chuir do Lios Fhloinn  
ní uil gan a fhios agoinn.

3 Oide Conaill - cruaidh an smacht -  
óglach do chúigeadh Connacht,  
baile i mBeinn Ghulbain do ghabh,  
do chumhgaigh ar eirr Uladh.

4 Ó thógbháil i nGulbain ghairbh  
leanaidh don laoch an leasainm:  
Conall seang gealchas Gulban;  
gá fearr seanchas seanughdar?

5 Maidin ro mharbhsad Ulaidh  
oide Conaill chosguraigh;  
feidhm sluaigh as a haithle air  
do-chuaidh dá aithbhe ar Ultaibh.

6 Téid beagán dá bhráithribh féin  
leis fa Eoghan mac móirNéill;  
do-niad airgne tréana thall,  
Éanna agus Cairbre is Conall.

7 Seantuatha Uladh ann-soin  
ó Shrúibh Broin go Beinn Gulboin,  
Clanna Néill do ansad ann  
's do ghabhsad féin an fearann.

8 Ón ló do chuir-sean Clann Ír  
Conall Gulban don ghairbhthir,  
Ulaidh do Chloinn Néill tug tair;  
do roinn féin is rug roghain.

9 Críoch Cairbre do Chairbre chas,  
Críoch Eanna d'Eanna armghlas;  
nir sguir dá seoladh fa seach  
gur chuir Eoghan go hOileach.

10 Conall ainnséin dob i a chuid  
ó Eas Ruaidh go ró Fánuid;  
ris bu-dhéin do dhruid an roinn;  
do budh léir ar chuid Conoill.

11 Dá mbé i gcoinne nó i gcomhdháil  
imreasain nó iomarbháigh,  
an firéan dá bhfuilid chloinn  
do-chluinid Cinéal Conoill.

12 Snámh in aghaidh Easa Ruaidh  
tachar Síil Chonuill chrannruaidh;  
is dul in eas ar onchoin  
treas do chur ar Chonollchoibh.

13 Is caomhthach re coin allaidh  
coigcríochas gach Conallaigh;  
Maol Seachluinn go déadla ón druing  
do leathchuing chéadna Conuill.

14 Clann Chonaill Ghulban do ghabh  
seal beag ar n-éag a n-athar;  
ar dteacht a tháisg fa thráth chóir  
do fháisg ar chách i gcéadóir.

15 Siar ó Shrúibh Broin go Bearnas  
ní tángas re a thíghearnas,  
gan urdhail an uain, gan arc  
uaidh go Gulbain do ghluasacht.

16 Gan taisgidh do chor i gcill,  
gan tógbháil airm dá aidhlínn;  
mar dob éadóigh an t-oireacht  
gan éagcóir, gan fhoghloidheacht.

17 Gan iomchosnamh fan Éirne,  
gan chogadh, gan choimhéirghe;  
gan luach an deilg do dhíoth ríogh,  
gan fhíoch, gan fheirg, gan imshníomh.

18 I gceann sheachtmhaine a shúil chorr  
bu-dheas ráinig go Ríoghdhonn;  
re hucht sluaigh Oiligh nír an  
thuaidh ar n-oíghidh a athar.

19 Tarmairt do Chloinn Chonaill cor -  
nocha lugha ná leagadh;  
is é do bhac cor d'íbh Cuinn,

a mhac ar ndol Í Dhomhnuill.

20 Do smuain a athair d'oighidh  
Clann Eoghain dá ionnsoighidh;  
adeir dream dibh is groide -  
'na gceann do shín shochroide.

21 Dála an chléirigh eacht eile  
sluaigheadh slaite Suilighe,  
dár bhuail 'na cadladh an gcoin  
go nach tagradh ar tosoigh.

22 Tar Ard Sratha, tar Sliabh Truim  
is cosgrach cuairt Í Dhomhnuill;  
an cuiléan ó Chlár Maighne  
lámh re muinéal Modhairne.

23 A aghaidh suas ar Sliabh Cairn,  
a chúl a-mach re Modhairn,  
annsa ród ar chuir an cath  
a-muigh ar fód Ó bhFiachrach.

24 An dara cuing an chatha  
ar Brian Eamhna ardMhacha,  
's a leathchuing re taoibh sa troid  
ar Maoil Eachluinn ó Fhánoid.

25 D'íbh mo mháthar múinim chéill,  
do Chloinn Chonuill mhic mhóirNéill:  
is iomdha duine ar domhan  
le budh buidhe a mbeagoghadh.

26 A dtraothadh ní tualaing cách  
acht go gcongmaid a gconách;  
dá dteagmhadh teacht na bhfear féin  
re a neart is eadh budh aigmhéil.

27 Ná congmadh Ceinéal gConaill  
Clann Eoghain 'na n-éanchrobhaing;  
cóir do Chloinn Néill a-nallan  
léir don droing go ndearnamar.

28 Iadhadh Connachtaigh a gceilg  
fa Aodh mac Cathail Chroibhdheirg;  
oireacht Cruachan gan rath ris;  
ach, is uathadh dán hoiris.

29 Ceinéal Conuill chnuic Theamhra  
ná tréigid a dtighearna;

ná bíodh doirr Cholaim Chille  
re Cloinn Conaill Chreibhlinne.

30 Mac Domhnaill Dúna Balair  
dearcain darach mórtharaidh;  
Ó Domhnoill cnú chuill sgathaigh,  
cú conghloinn Chuinn Chéadchathaigh.

31 Slat chumhra Ceiníl Lughdhach,  
rí Conaill crann mórubhlach;  
bas ingheanchruinn fa chaol croinn  
Maol finnEachluinn cas Conoill.

32 Gabhal tógbhála an tíre,  
imeachtrach na hairdríge;  
fuigheall bréithre Coluim cháidh  
féithle Conuill do chongmháil.

33 Maol Seachlainn mac Domhnaill duinn,  
sruth robharta rí Conuill,  
ó Luighdheach fa chois do chor  
is cuibhreach ois nó onchon.